
# Corca Dhuibhne mar Ionad Saoire

Tá clú agus cáil ar Chorca Dhuibhne mar ionad saoire anois. Gach bliain tagann cuairteoirí chugainn ó chian is ó chóngar. Tagann siad ó gach áit in Éirinn, ón mBreatain, ó Mheiriceá, ón Eoraip agus ó mhórán áiteanna eile nach iad. Déanann Bórd Fáilte ana-chuid fógraíochta i dtíortha thar lear agus meallann san ana-chuid daoine go hÉirinn.

SÉIPÉILÍN GHALLARAIS



Tá feabhas mór tagtha ar an gcaighdeán maireachtála ar fud na hEorpa le blianta beaga anuas. Furmhór na ndaoine a thagann go hÉirinn is ó chathracha tionsclaíochta a thagaid. Bíd ag obair go dian dícheallach i rith na bliana agus ansan is maith leo saoire mhaith a bheith acu sa tsamhradh agus sos breá a thógaint. Bíonn fonn orthu éalú ón bhfuadar agus ón bhfothram. Bíonn áit chúin shuaimhneach a' teastáil uathu. Sin é a thugann go hÉirinn agus go Corca Dhuibhne iad.

Tá méadú mór taréis teacht ar thionscal na turasóireachta i gCorca Dhuibhne le fiche bliain anuas. Deir daoine gurb é an scannán Ryan's Daughter fé ndeara é seo mar go bhfaca daoine áillneacht na háite sa scannán agus gurb é sin a mheall anso iad.

Tá Corca Dhuibhne go hálainn gan aon amhras. Is álainn iad na sléibhte, na gleannta, an fharraige agus na hoileáin a chíonn tú ar do thaisteal duit tríd an leithinis. Tá tránna áilne againn chomh maith agus cé ná fuil na bóithre thar moladh beirte don dtrácht is breá na radharcanna a chíonn tú agus tú a' taisteal na mbóithre.

Is breá le cuairteoirí Corca Dhuibhne. Is breá leo baile an Daingin mar tá sé cosúil le seana-bhaile meánaoiseach. Deirtear go bhfuil caractar meánaoiseach ag an nDaingean. Ag an am gcéanna tá gach áis nua-aoiseach ann, ollmhargaí, óstáin, siopaí, pictiúrlann, tithe aíochta, cuan agus marina nua agus flúirse bialanna. Deirim-se leat ná beadh ocras ar aon chuairteoir sa Daingean!

Má fhágann tú baile an Daingin agus má théann tú suas Bóthar na Conarach cífídh tú radharc ná fuil a leithéid sa domhan. Chuir duine an radharc ó bhárr na Conarach i gcompráid leis na Flaithis uair amháin agus ní raibh focal bréige 'na chuid cainte.

Is iontach an radharc chomh maith atá le feiscint i gCeann Sléibhe agus in áiteanna eile in Iarthar Dhuibhneach. Más snámh nó síneadh bolg le gréin atá uait cá bhfaighfeá áit níos fearr chuige ná Tráigh Fionn Trá, An Béal Bán nó Baile na nGall. Agus ná fuil Cuas a' Bhodaigh chomh hálainn d'áit is atá le fáil ar domhan.

Seá, tá áillneacht thar barr i gCorca Dhuibhne don gcuairteoir. Ach tá rudaí eile a mheallann anso iad chomh maith. Tá an saol socair suaimhneach anso agus tá muintir na háite ana-cháirdiúil. Braitheann daoine go bhfuil fáilte rompu sa cheantar.

Agus dar ndoigh, Gaeltacht is ea Corca Dhuibhne agus tagann mór-chuid daoine anso chun an Ghaeilge a chlos á labhairt. Tagann na céadta scoláirí anso gach samhradh a' foghlaim na Gaeilge nó chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Fanann siad i dtithe sa cheantar agus bíonn siad a' freastal ar ranganna ar maidin. Cuirtear caitheamh aimsire ar fáil dóibh um thráthnóna agus bíonn céilí san oíche acu. Tá Coláistí Gaeilge i gCeann Trá, Cill Mhic a' Domhnaigh, Baile an Fhirtéaraigh, Dún Chaoin, ar an Muirígh, ar an bhFeochanaigh, i Mináird agus i gColáiste Ide agus bíonn siad lán do thrí mhí an tsamhraidh.

Is féidir le daoine dul a' spaisteoireacht ar fud an cheantair. Téann daoine eile a' rothaíocht nó a' marcaíocht ar chapaill. Tá go leor áiteanna suimiúla agus stairiúla le feiscint sa leithinis, Caisleán na Mináirde, Sáipéilín Ghallarais agus An Blascaod Mór 'na measc.

Tá flúirse tithe aíochta i ngach cuid den leithinis agus más caitheamh aimsire atá a' teastáil ó chuairteoirí ní gá dhóibh ach bualadh isteach sa tigh tabhairne istoiche agus cloisfidh siad Gaeilge á labhairt agus cúpla amhrán Gaeilge b'fhéidir. Uaireanta bíonn ceol sa tigh tabhairne agus go minic cíonn tú daoine ag rince seit Chiarraí.

Is breá le daoine chomh maith cuairt a thabhairt ar an Ionad Oidhreachta i mBaile an Fhirtéaraigh chun eolas d'fháil i dtaobh an tseana-shaoil agus ár láthracha oidhreachta. Oidhreacht Chorca Dhuibhne a bhunaigh agus atá i gceannas an Ionaid Oidhreachta.

## Ceisteanna

1. Ainmnigh aon láthair oidhreachta id' cheantar agus an stair a bhaineann leis.
2. Cad a bhíonn le fáil in óstán nó tigh aíochta?
3. Tabhair dhá chúis a thugann cuairteoirí go Corca Dhuibhne.
4. Cad 'na thaobh gur maith le cuairteoirí baile an Daingin, dár leis an scéal.
5. Tabhair ainmneacha na gColáistí samhraidh atá i gCorca Dhuibhne.
6. Tá cáil domhanda ar an mBlascaod Mór. Cad 'na thaobh?
7. Ainmnigh na hóstáin ar fad atá i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.
8. Tabhair ainm amhráin a chum file ó Chorca Dhuibhne agus a choisfeadh cuairteoir á chanadh ann.
9. Tabhair ainm triúr údar ó Chorca Dhuibhne a scríobh leabhar le cúig bliana anuas.
10. Ainmnigh dhá rud nó áit id' cheantar féin go gcuireann cuairteoirí suim iontu.


## Obair le Déanamh

Cuir "ba mhaith liom" roimh gach ceann acu so:

| | | |
|---|---|---|
| (a) imir/an cluiche; | (b) téir/thar sáile; | (c) ceannaigh/éadaí nua; |
| (d) tóg/sos; | (e) inis/an scéal; | (f) cóirigh/na caoire; |
| (g) dúisigh in am; | (h) bí ann in am; | (i) faigh amach é; |

---

## Crosfhocal 3



### Trasna

1. Cé acu is fearr leat, ____ nó iománaíocht?
6. Focal eile ar 'gharsún'.
7. D'imir Uncail Seán ____ maith ar na buachaillí.
8. Bíonn sé i mbalún.

### Síos

2. An chéad lá den tseachtain scoile.
3. Chuir Niamh bráillín bán ar a ceann. Ceap na buachaillí gur ____ a bhí ann.
4. Bíonn crann úll ag fás ann.
5. Léim na buachaillí _____ claí isteach.
6. Bricfeasta, nó lón, nó dinnéar, nó suipéar.

# Mo Rogha Saoire

Nach breá an rud é, lá ainnis geimhridh, bheith a' taidhreamh i dtaobh laethanta saoire fén ngréin! Ón Nollaig amach bíonn fógraí ar a' dteilifís agus sna páipéirí mar gheall ar laethanta saoire sa Spáinn, sa Ghréig agus sna tíortha teo i gcoitinne.
An samhradh so caite bhí saoire iontach ar fad ag mo dheirfiúr, Cáit. Tá cara cleite aici sa bhFrainc agus tá tigh ósta beag ag a tuismitheoirí sa Bhriotáin. Fuair sí post mar fhreastalaí ansan do mhíonna an tsamhraidh.



**Lá an phatrúin in Folgoad, sa Bhriotáin**

Cé go raibh sí neirbhíseach go maith a' dul ar bórd an eitleáin, bhí turas ana-thaitneamhach aici. Nuair a thúirling sí i Rennes, cheap sí ná cífeadh sí a cara choíche ach chonaic a cara í sin. D'aithin a cara í mar bhí grianghraf di féin curtha ag Cáit chuici. Níorbh fhada gur shoicheadar an tigh ósta. Bhí an chlann ana-cháirdiúil agus chuireadar fíorchaoin fáilte roimpi.

Cé go bhfuil teanga dá gcuid féin acu sa Bhriotáin, Fraincís is mó a labhartar san áit 'na raibh Cáit. Ní raibh an Fhraincís ar a toil aici a' fágaint na tíre seo ach sula bhfág sí an Fhrainc bhí an teanga go líofa aici. Chaith sí trí mhí ag obair san óstán agus bhíodar ana-chúramach an t-am ar fad. A' freastal sa bhialann a bhí Cáit agus thaitin sé go mór lei. Thug sí cuairt ar ana-chuid áiteanna suimiúla sa Bhriotáin agus sa bhFrainc nuair a bhí lá saoire aici. Chuaigh sí go Paris lá amháin leis an gclann. An rud ba mhó a thaitin lei ná cuairt a thugadar ar reilig mhór sa chathair sin, ní cuimhin liom an t-ainm atá ar an áit. Tá laoch mór ceoil na linne seo - Jim Morrison ón ngrúpa Doors- curtha ann. Chuir sé ana-ionadh ar Cháit go raibh ceolchoirm leanúnach ar siúl ag a uaigh. Deirtear go raibh a leithéid ar siúl an t-am ar fad ó cailleadh Jim agus gur mar sin atá fós!

## Ceisteanna

1. Ainmnigh trí cinn des na tíortha teo (ná fuil sa scéal) go dtéann Éireannaigh ar saoire chucu.
2. Cad is brí le cara cleite?
3. Labhrann muintir na Briotáine..........
4. Conas a d'aithin a cara cleite Cáit?
5. Cad é an post a bhí ag Cáit sa tigh ósta?
6. Bhí beagán Fraincíse ag Cáit. Cá bhfuair sí í?
7. Ainmnigh aon rud iontach atá le feiscint i bParis.
8. Cé tá curtha sa reilig úd i bParis?
9. Cén grúpa ceoil (a) traidisiúnta (b) pop-cheol is mó a thaitníonn leat féin?
10. Cár mhaith leatsa saoire a chaitheamh dá mbeadh do rogha agat agus cad' na thaobh?

## Obair le Déanamh

Scríobh san Aimsir-Ghnáth Láithreach (gach lá):

a. Chífinn rudaí go maith
b. Cá rabhais?
c. Ní chreidfeadh sé é
d. Bhailítí na páipéirí.
e. Cé a cheannódh é?
f. Chuala an ceol.
g. An gcabhróimíd lei?
h. Dúirt sé ná raibh sé ann.
i. Osclófar an doras.
j. Cheapas go bhfaca é.

## Fí-Fhocal 3

Tá na focail sa liosta measctha sa chearnóig. Is féidir dul in aon treo — suas, síos, trasna nó sceabhach.

Tá na deich bhfocal so ann:

| | |
|---|---|
| **aimsir** | **crann** |
| **cuireadh** | **fliuch** |
| **iasacht** | **iasc** |
| **luath** | **phreab** |
| **thair** | **tolg** |


| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | f | r | a | h | g | n | h |
| g | l | o | t | a | n | i | d |
| h | i | a | s | a | c | h | t |
| c | u | i | r | e | a | d | h |
| l | c | c | l | i | n | n | i |
| p | h | r | e | a | b | a | a |
| g | o | a | i | m | s | i | r |
| r | a | n | g | c | a | s | é |

Leis na litreacha atá fágtha is féidir ráiteas a scríobh.

**Cad é?**

# Picnic Cois Trá

Bhí mam agus daid cráite ag na páistí. Theastaigh uathu dul cois trá gach lá breá a tháinig. Bhí leithscéal éigin acu gan dul ann gach lá, an iomad cúraimí orthu; cuairteoirí bheith a' teacht chucu agus mar sin dó.
"A pháistí mo chroí," arsa mam tráthnóna Sathairn amháin. "Bhfuil a fhios agaibh cá raghaimíd amárach?"
"Cois trá," arsa na leanaí d'aonghuth.
"Sea go deimhin," arsa mam.
Bhuel cad é sceitimíní a bhí ar Bhríd, Eoin, Úna agus Liam. Bheadh ana-lá acu.
Bhíodar ullamh chun gluaiste ar a dódhéag a chlog agus gach rud sa ghluaisteán do phicnic cois trá. Lasfaidís tine um thráthnóna agus bheadh ana-shaol acu.



Cois Farraige

Nuair a shroicheadar an tráigh bhí na sluaite ann rompu ach fuaireadar áit dheas in aice na faille. Nuair a bhí gach rud curtha i gcoimeád acu chuir mam súsa ar an ngaineamh agus shín sí féin is na leanaí air bolg le gréin.
Bhí fonn ar Bhríd, Eoin agus Úna dul a' snámh agus d'imíodar síos go dtí an t-uisce le daid. Ní raghadh Liam gairid don sáile. Bhí sé scanraithe roimis.
Níorbh fhada go gcualadar daid ag léimt isteach san uisce ó charraig mhór. Lean an triúr isteach é, cuid acu a' snámh agus cuid acu a' lapadáil.
Bhí a ndóthain don bhfarraige acu i gcionn tamaill agus shín daid siar bolg le gréin ar an súsa. Chuaigh Bríd, Úna agus Liam a' bailiú sliogán i mbuicéad. Bhíodar chun caisleán breá a dhéanamh agus é a mhaisiú le sliogáin.
Taréis leath uaire nó mar sin ghlaodar ar mham agus ar dhaid chun an caisleán a dh'fheiscint. B'álainn an ceann é gan dabht ach ba dhóbhair go scriosfadh Liam é mar thit sé anuas air. Bhí orthu é a dheisiú.
Ach cá raibh Eoin? Ní raibh sé le feiscint in aon áit. Thosnaíodar a' glaoch air agus taréis tamaill ná faca Liam é in áirde ar a' bhfaill. Bhí mam ar buile ceart. Ghlaoigh sí agus liúigh sí air agus dúirt go mbrisfeadh sí gach aon chnámh 'na chorp. Bhí náire ar na leanaí mar bhí a raibh ar a' dtráigh a' féachaint orthu.
"Beidh cluiche sacair againn," arsa daid leo ar fad, nuair a bhí Eoin slán sábhálta ar a' dtráigh arís agus fearg a mháthar imithe dhi.
Cuireadh Bríd agus Úna sa dá chúl agus bhí an chuid eile acu amuigh fén ngort. Bhí mam leo chomh maith le duine agus cad deirir ná gurb í a fuair an chéad chúl.
"Ní haon dóithín í mam," arsa sí leo agus iad a' filleadh ar a n-áitín féin cois carraige.
Ansan is ea a thosnaigh an obair. Caitheadh tine a dhéanamh agus an bia ar fad a thógaint as na boscaí. Sea! Bhí an tine déanta ach cá raibh an citeal? Ní raibh sé le fáil. Cuardaíodh gach aon áit fé dhó agus fé thrí ach ní raibh aon rian de in aon áit.
"Is dócha go bhfágamar aige baile é, "arsa daid. "Ach ná bíodh aon eagla oraibh, ní bheimíd gan tae."
D'imigh daid agus ní fada go dtáinig sé thar n-ais agus sáspan mór uisce fiuchta aige. I dtigh cois na trá a fuair sé é.
Bhíodar ullamh don mbéile ar deireadh. "Nach álainn an blas atá ar na ceapairí," arsa Liam.
"An gcloiseann tú an diabhal," arsa Bríd, "agus ní bhlaisfeadh sé ceapaire aige baile."
"Á! tugann gaoth na farraige goile dhuit, a 'níon ó," arsa daid lei.
Deirim-se leat nár fhágadar fiú amháin an brúscar féin 'na ndiaidh. D'itheadar a raibh de cheapairí, ispíní, cístí mílse agus de bhrioscaí ann.

Fén am so bhí an slua a' fágaint na háite agus bailíodh gach rud agus cuireadh sna boscaí agus sna málaí iad.
"Ó an liathróid," arsa Úna.
D'fhéachadar i dtreo an uisce agus cad a chífidís ach an liathróidín gorm agus í a' snámh tamall amach ón ngaineamh. Chaith daid baint de arís agus snámh amach chun í dh'fháilt. Ní dh'imeodh Liam abhaile gan í.
Ní fada go rabhadar ar a' mbóthar abhaile agus lá aoibhinn caite cois trá acu.
"Cathain a bheimíd a' dul cois trá arís, a mham?" arsa Liam ar a' mbóthar abhaile.
"An Domhnach seo chugainn arís, a chroí," arsa mam. Ba shámh é codhladh na bpáistí an oíche sin.

## Ceisteanna

Scríobh amach na ceisteanna dos na freagraí seo:

1. Chonaiceadar buíonta daoine ar a' dtráigh.
2. Bhíodar á ngrianadh féin.
3. Bhí an snámh go maith ag daid.
4. Ní raghadh Liam gairid don sáile.
5. D'imigh sí a' bailiú sliogán ar a' dtráigh.

Freagair na ceisteanna so:

1. Tabhair dhá leathscéal a bhí ag mam agus daid gan dul cois trá.
2. Cad a bhí á dhéanamh ag na leanaí san uisce?
3. Ní raibh Eoin leo a' tógaint an chaisleáin mar ...
4. Cá bhfuair daid an t-uisce fiuchta?
5. Conas a fuaireadar an liathróid a bhí a' snámh?

## Seanfhocail

Is túisce deoch ná scéal.

Is fearr mac le himirt ná mac le hól.

Is leor ó Mhóir a dícheall.

An rud a scríobhann an púca, léann sé féin é